# Aighneacht chuig an gComhairle Náisiúnta Curaclam agus Measúnaithe mar chuid d'Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí, ó Choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach, Acadamh Ríoga na hÉireann

## Achoimre fheidhmeach

Is í an aighneacht seo freagra Choiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach ar an Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach. Díríonn an aighneacht go háirithe ar an múnla curaclaim agus ar na gnéithe sin de churaclam na hÉireann a léiríonn an fhéiniúlacht agus an tsaoránacht Éireannach agus a chuireann an t-ilteangachas agus an tuiscint idirchultúrtha chun cinn. Tugann an aighneacht aghaidh ar na ceisteanna go léir atá luaite sa cháipéis comhairliúcháin, molann sí réitigh phraiticiúla agus luann sí taighde ábhartha. Agus sinn á dtreorú ag bunphrionsabail an chomhionannais rochtana agus deiseanna, rogha an dalta agus ilghnéitheacht na taithí foghlama, cuirimid ár moltaí lárnacha agus an réasúnaíocht taobh thiar díobh i láthair go hachomair anseo:

**Moladh 1**: Múnla don tSraith Shinsearach sna conairí uile a chinnteoidh go mbeidh teacht ag daltaí ar chroíchuraclam substaintiúil [Béarla, Gaeilge agus Matamatic] agus ar raon substaintiúil ábhar roghnach as a bpiocfaidh siad trí nó ceithre ábhar. Tríd an moladh seo a chur i bhfeidhm:

- cuirfear **comhionannas** rochtana agus deiseanna chun cinn trí chroí-ábhair a thairiscint ag leibhéil a bheidh oiriúnach do speictream cumais daltaí;
- cuirfear **rogha** ar fáil do dhaltaí trí raon ábhar roghnach;
- cinnteofar **ilghnéitheacht** taithí foghlama;
- seachnófar cúngú róluath agus neamhriachtanach ar chonairí foghlama nó gairme;
- dearbhófar fiúntas an 'chroíchuraclaim' chomhroinnte agus cuirfear an plé diúltach ar 'ábhair éigeantacha' i leataobh

**Moladh 2**: Dearadh siollabas teanga a chinnteoidh go mbeidh na gnéithe teanga de churaclam na Sraithe Sinsearaí [idir lárnach agus roghnach] á bhforbairt i gcomhthéacs an dea-chleachtais idirnáisiúnta i sochaithe atá dátheangach nó ilteangach. Tríd an moladh seo a chur i bhfeidhm:

- cuirfear deiseanna ar fáil do na daltaí uile **scileanna agus inniúlachtaí** dátheangacha/ deisteangacha a fhorbairt ag leibhéal atá oiriúnach dá gcumas;
- cuideofar le daltaí **meas** a bheith acu ar ról teangacha i gcultúr agus i bhféiniúlacht na hÉireann agus na hEorpa;
- cothófar **tuiscint** níos fearr ar an deisteangachas tríd an nGaeilge a shuíomh i gcomhthéacs ilteangach na hEorpa agus an domhain;

- cothófar tuiscint idirchultúrtha agus inniúlachtaí cumarsáide;
- déanfar an litearthacht chultúrtha a fhorbairt mar eochairscil agus mar théama traschuraclaim.

**Moladh 3**: An deis a chuireann an t-athbhreithniú seo ar fáil a thapú chun stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar a dhearbhú, na buntáistí oideachasúla a bhaineann le foghlaim teangacha a léiriú do dhaltaí agus tábhacht na Gaeilge mar chuid d’fhís chultúrtha na hÉireann sa 21ú haois a shoiléiriú. Tríd an moladh seo a chur i bhfeidhm:

- soiléireofar stádas bunreachtúil na Gaeilge mar ghné lárnach saoránachta ar chóir go mbeadh teacht ag gach páiste agus duine óg uirthi;
- cuirfear béim ar bhuntáistí cognaíocha, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha an dátheangachais/deisteangachais indibhidiúil agus an ilteangachais shochaíoch;
- cuideofar le coincheap na Réime Folláine Teanga [*Healthy Linguistic Diet*] a leabú agus tuiscint a chothú ar na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha ar feadh shaolré an duine;
- seachnófar na torthaí fíordhiúltacha d’fhoghlaim teangacha a lean athruithe curaclaim sa tSraith Shinsearach sa Ríocht Aontaithe (RA);
- déanfar na cleachtais oideachais in Éirinn a ailíniú le noirm ilteangacha na hEorpa.

Is é stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach an cur chuige is éifeachtaí chun comhionannas rochtana ar dheiseanna oideachais teanga do chách a dheimhniú mar cinnteoidh an stádas sin go mbeidh na scileanna inaistrithe sealbhaithe teanga leabaithe i gcroíchuraclam comhroinnte. Sa réimse seo go háirithe, is gá don CNCM na torthaí fadtéarmacha córais agus sochaíocha a d’fhéadfadh a bheith ag athruithe curaclaim a chur san áireamh agus is gá féachaint amach thar dhomhan an Bhéarla do mhúnlaí dea-chleachtais i soláthar oideachais dhátheangaigh agus ilteangaigh.

**Moladh 4**: Aghaidh a thabhairt go córasach ar cheist ualach an churaclaim nuair atá na siollabais á ndearadh do gach ábhar. Tríd an moladh seo a chur i bhfeidhm:

- cinnteofar go mbeidh an leithne agus an doimhneacht chuí san inneachar cúrsa i ngach ábhar;
- cuideofar le torthaí foghlama réadúla a cheapadh agus a chur i bhfriotal;
- cuideofar le forbairt scileanna traschuraclaim.

**Moladh 5**: Modúil ar Scileanna Saoil agus ar Shláinte agus Folláine a dhearadh mar chuid riachtanach de gach conair sa tSraith Shinsearach, ach gan measúnú foirmiúil a dhéanamh ar na modúil sin. Tríd an moladh seo a chur i bhfeidhm:

- cinnteofar go mbeidh deis ag daltaí gnéithe dá bhforbairt agus dá dtaithí phearsanta agus shóisialta a scrúdú gan an brú a bhainfeadh le measúnú foirmiúil;
- cuirfear sláinte fhisiciúil agus mheabhrach daltaí chun cinn;
- cuirfear le hilghnéitheacht na taithí foghlama sa tSraith Shinsearach;
- déanfar breis forbartha ar scileanna lárnacha iniúchta agus anailíse;

- rachfar i ngleic le ceisteanna mothachtálacha a bhaineann le rannpháirtíocht daltaí i saol na scoile agus an phobail.

**Moladh 6**: Réimse níos leithne modhanna agus sceideal measúnaithe a úsáid, ag cur éifeacht an mheasúnaithe ar inspreagadh agus ar straitéisí foghlama daltaí san áireamh. Tríd an moladh seo a chur i bhfeidhm:

- cuideofar le bainistiú strus daltaí agus múinteoirí;
- ceadófar measúnú ar réimse níos leithne scileanna;
- cuirfear in aghaidh na foghlama de ghlanmheabhair agus cuirfear cur chuige níos sláintiúla maidir le gnóthachtáil acadúil chun cinn.

# Réamhrá

Fáiltíonn Coiste Léann na Gaeilge, Litríocht na Gaeilge agus na gCultúr Ceilteach roimh an deis seo a chuid tuairimí a chur i láthair na Comhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe mar chuid d'Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí. Mar choiste ildisciplíneach de chuid Acadamh Ríoga na hÉireann – a chuimsíonn teanga, litríocht agus cultúr na Gaeilge, an Léann Éireannach, an Léann Ceilteach, na daonnachtaí digiteacha, oideolaíocht teanga, an leabharlannaíocht agus léann na faisnéise, léann na hoidhreachta agus léann na meán cumarsáide – sílimid go dtugann ár dtaithí teagaisc agus taighde léargais luachmhara dúinn ar na mórcheisteanna a bhaineann le leasú curaclaim in Éirinn. Admhaítear san ábhar a d'fhoilsigh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnaithe mar chuid den phróiseas comhairliúcháin go bhfuil gaol idir forbairtí ag leibhéal na Sraithe Sinsearaí den oideachas iarbhunscoile agus foráis leanúnacha i réimsí an ardoideachais agus an bhreisoideachais. Creidimid gur rannpháirtithe gníomhacha an lucht teagaisc ar an tríú leibhéal sa chontanam oideachais trí chéile agus, de bharr a saineolais ar ábhair agus a bpeirspictíochtaí institiúideacha, gur chóir go n-aithneofaí mar pháirtithe leasmhara ríthábhachtacha sa phróiseas comhairliúcháin seo iad.

I bhfianaise na cáipéisíochta a cuireadh ar fáil, táimid sásta go n-aithníonn an t-athbhreithniú go dtí seo go leor de na prionsabail oideachasúla sin ba chóir a bheith sa treis, dar linn, sa phróiseas deireanach cinnteoireachta. Ba chóir go mbeadh cothromaíocht rochtana agus deiseanna agus ilghnéitheacht taithí foghlama chun tosaigh ó thús deireadh an phlé. Is iad na prionsabail dhearfacha seo is bonn leis an tacaíocht a thugaimidne don struchtúr reatha (trí chroí-ábhar + trí/ceithre ábhar roghnacha) mar bhunstruchtúr do chonairí éagsúla Ardteistiméireachta sa tSraith Shinsearach. Cinntíonn croí-churaclam substaintiúil an chothromaíocht rochtana agus deiseanna, agus cinntíonn gné shubstaintiúil roghnach go mbíonn éagsúlacht taithí foghlama ag daltaí agus nach gcuirtear bac ná srian róluath lena ndeiseanna gairme, breisoideachais nó ardoideachais. Creidimid gur féidir, agus gur chóir, dul i ngleic leis na fadhbanna atá aitheanta sa phróiseas athbhreithnithe go dtí seo, an ró-ualach curaclaim agus na strusanna a bhaineann le scrúduithe ceann cúrsa a bhfuil an-chuid ag brath orthu, trí athruithe a chur i bhfeidhm sna próisis deartha siollabais agus trí leasuithe a dhéanamh i gcur chuige agus i sceidealú an chórais measúnaithe.

Sílimid gur chóir don Athbhreithniú níos mó airde a thabhairt ar na comhthéacsanna cultúrtha agus ar na torthaí a d'fhéadfadh a bheith i gceist le leasuithe curaclaim. Molaimid cúram ar leith a chaitheamh leis na torthaí áitiúla, náisiúnta agus idirnáisiúnta a leanfaidh aon chinneadh a dhéanfar faoi na gnéithe is sainiúla agus is Éireannaí de chlár na Sraithe Sinsearaí. Tabharfaidh an aighneacht seo aghaidh ar na mórcheisteanna sin; molfar réiteach ar chuid de na fadhbanna atá aitheanta, agus tarraingeofar ar thaighde, de réir mar is cuí, mar thaca lenár gcuid moltaí. Tá struchtúr na haighneachta bunaithe ar na hábhair agus ar na ceisteanna a ndírítear orthu in *Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach: Cáipéis Comhairliúcháin* (*ASSCC* as seo amach), 'Na príomhsmaointe agus réimsí le forbairt': 1. Cuspóir; 2. Fís d'fhoghlaimeoirí na sraithe sinsearaí; 3. Conairí agus cláir; 4. Comhpháirteanna den churaclam; 6. Measúnú; 7. Tuairisciú; agus 8. Tosaíochtaí agus tacaíochtaí. Ós rud é go bhfuil spéis ar leith againne i stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar agus

ós rud é gurb í an ghné is sainiúla den churaclam scoile in Éirinn í, tá aonad breise (5) curtha againn lenár bhfreagra ar an mír 'Comhpháirteanna den churaclam', áit a dtéimid i ngleic le ceisteanna a bhaineann go dlúth le hoideachas teanga. San áireamh ansin tá an comhthéacs leathan Eorpach agus domhanda a bhaineann le hionad teangacha i gcoitinne i gcuraclam na hÉireann.

## 1. Cuspóir

*Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na cuspóirí don tsraith shinsearach a thagann ón athbhreithniú?* Aontaímid leis na prionsabail ghinearálta ar fad a bhaineann le lánacmhainneacht daltaí a chomhlíonadh, agus leis an mbéim ar eolas agus scileanna a dhoimhniú le linn na Sraithe Sinsearaí. Cuirimid fáilte ar leith roimh athdhearbhú na CNCM gur bunluachanna iad an comhionannas agus an t-ionchuimsiú 'atá ag croí na sraithe sinsearaí' (*ASSCC*: 9).

*An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?* Níor mhór anailís chúramach a dhéanamh ar an ngaol idir rannpháirtíocht daltaí agus cúrsaí folláine. Cé go n-aithnímid go gcaithfear dul i ngleic le ceisteanna ar nós ró-ualach curaclaim nó róbhéim ar scrúduithe ceann cúrsa, ba mhaith linn freisin, agus cuspóirí na Sraithe Sinsearaí á sainiú, go mbeadh níos mó béime ar theacht aniar daltaí a chothú trí dhíriú ar straitéisí chun strus a bhainistiú, in áit a bheith ag díriú ar ghnéithe curaclaim a samhlaítear strus leo a chur ar ceal. Tugaimid aghaidh níos mine ar an gceist seo, go háirithe chomh fada agus a bhaineann sí le hoideachas teangacha, sa rannóg 'Comhpháirteanna den churaclam' thíos.

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi chuspóir na sraithe sinsearaí?* Is é is mó atá in easnamh ná comhthéacs Éireannach an athbhreithnithe. Tá an-chuid den phlé sa cháipéisíocht comhairliúcháin chomh ginearálta sin go bhféadfaí é a chur i bhfeidhm in áit ar bith ar domhan. Ba ghá níos mó béime a chur ar na gnéithe sin de churaclam na hÉireann atá suaithinseach agus sainiúil, agus ba chóir díriú ar straitéisí leis na gnéithe sin a neartú. Ba chóir go mbeadh coincheap na litearthachta cultúrtha mar chuid den phlé, agus go háirithe a tábhacht chun an tsaoránacht ghníomhach fheasach a fhorbairt i gcomhthéacs na hÉireann, na hEorpa agus an domhain. Molaimid go bhféachfaí ar an litearthacht chultúrtha (meas agus tuiscint ar do chultúr féin agus ar chultúr daoine eile) mar dhlúthchuid de chuspóir na Sraithe Sinsearaí, agus molaimid go gcuirfí i láthair mar choincheap traschuraclaim í. Tá dlúthbhaint aici leis an gcuraclam Gaeilge, ach cuimsíonn sí freisin meas agus tuiscint ar an oidhreacht shaibhir chultúrtha agus teanga atá ag pobail inimirceach. Agus an Ghaeilge á plé i bhfianaise an Bhreatimeachta, chuimseodh an litearthacht chultúrtha chomh maith tuiscint ar an oidhreacht atá á comhroinnt againn le Gàidhlig na hAlban.

Tugaimid faoi deara go bhfuil an comhcheangal tábhachtach idir oideachas ar an dara leibhéal agus oideachas ar an tríú leibhéal in easnamh sa cháipéis comhairliúcháin agus molaimid go dtabharfaí aghaidh ar an easnamh sin. Níor mhór a aithint agus a dhearbhú nach críoch inti féin an tSraith Shinsearach, ach an oiread leis an mbunoideachas ná leis an tSraith

Shóisearach roimpi. Is í an phríomhchonair i dtreo an bhreisoideachais í, agus i dtreo an oideachais tríú leibhéal go háirithe. Ar bhonn praiticiúil, níor mhór aitheantas a thabhairt do riachtanais mháithreánacha institiúidí tríú leibhéal na hÉireann. Mar shampla, thar na blianta, dhearbhaigh an ollscoil is mó sa tír, Ollscoil Náisiúnta na hÉireann, a tiomantas d'fhéiniúlacht shainiúil an oideachais in Éirinn trí phas sa Ghaeilge mar chroí-ábhar Ardteistiméireachta a choinneáil mar chuid dá riachtanais mháithreánacha, cé go gceadaítear díolúintí i gcásanna ar leith. Tá an tiomantas seo daingnithe i bpleananna straitéise coláistí de chuid na hOllscoile Náisiúnta. Níl anseo ach sampla amháin den leanúnachas cuspóra agus den chomhcheangal rathúil idir earnálacha an dara agus an tríú leibhéal. Iarraimid, más ea, go dtabharfaidh Athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí aghaidh ar cheisteanna na féiniúlachta cultúrtha agus an ghaoil phraiticiúil idir an dara agus an tríú leibhéal.

## 2. Fís d'fhoghlaimeoirí na sraithe sinsearaí

### 2.1 Eolas, scileanna agus cáilíochtaí

*Cé mhéad a aontaíonn tú gurb iad sin na scileanna agus cáilíochtaí ba cheart don scoláire a fhorbairt i rith na sraithe sinsearaí agus é ag gabháil den eolas thar réimse disciplíní?* Tá na scileanna agus na tréithe a liostaítear ar fad tábhachtach agus iomchuí. Tá na scileanna acadúla a liostaítear, 'ceistiú ardoird; smaointeoireacht chriticiúil agus anailísiú; réiteach fadhbanna agus próiseáil eolais; foghlaim neamhspleách agus chomhoibríoch; cruthaitheacht agus nuálaíocht; agus scileanna i réimsí an taighde, na scríbhneoireachta, na cumarsáide, an chur i láthair agus na dteicneolaíochtaí digiteacha' (*ASSCC*: 11), iomchuí do gach uile ábhar, agus tá tábhacht ar leith leo i gcomhthéacs na foghlama teanga.

Is dlúthghnéithe den taithí foghlama iad na tréithe idirphearsanta agus inphearsanta agus na scileanna saoil atá luaite (*ASSCC*: 12), ach ba chóir idirdhealú a dhéanamh idir tréithe ba chóir a bheith leabaithe sa teagasc agus san fhoghlaim *i ngach uile* ábhar (na tréithe idirhearsanta agus inphearsanta a liostaítear) agus scileanna saoil ar leith (ó bhainistiú airgid go dtí oideachas caidrimh agus gnéasúlachta) nár mhór sainmhodúil a dhearadh le dul i ngleic leo, modúil arbh í forbairt phearsanta agus shóisialta na ndaltaí a bheadh mar chuspóir acu agus nach leanfadh measúnú foirmiúil iad.

Ba chóir go mbeadh forbairt fhéinriar an fhoghlaimeora – cumas daltaí a gcuid foghlama féin a phleanáil agus a bhainistiú agus cumas féincheartaithe – i measc na gcuspóirí foghlama i ngach ábhar, agus an féinriar sin á shamhlú mar bhonn don fhoghlaim ar feadh an tsaoil.

*An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?* Ba chóir breis béime a chur ar an litearthacht dhigiteach, atá tábhachtach anois i ngach réimse léinn. Cé gur chóir í a leabú sa churaclam trí chéile, baineann sí go mór le hábhar i gcomhthéacs theagasc agus fhoghlaim teangacha, agus d'fhéadfadh sí a bheith comhtháite leis an ábhar cultúir agus litríochta i gcuraclam leasaithe Gaeilge sa tSraith Shinsearach. Tá tábhacht ar leith léi i bhfianaise na mórfhorbairtí in úsáid teicneolaíochtaí digiteacha ag institiúidí cultúir, oideachais agus

taighde na Gaeilge, agus i bhfianaise na hearraíochta atá á baint ag pobail na Gaeilge agus ag foghlaimeoirí as na teicneolaíochtaí céanna.

Ba chóir an litearthacht chultúrtha a chur i láthair mar choincheap traschuraclaim, ach béim ar leith a bheith uirthi i ngnéithe na teanga den churaclam.

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin eolas, na scileanna agus cáilíochtaí ba cheart don scoláire a fhorbairt i rith na sraithe sinsearaí?* Ba chóir an fheidhm a bheadh ag croí-mhodúil a bheadh riachtanach do gach dalta ach nach mbeadh á scrúdú a aithint agus réimsí ar leith ábhar a shainiú. Ba chóir go mbeadh clár scileanna saoil, ar nós chlár an Oideachais Shóisialta, Phearsanta agus Sláinte (OSPS) atá ann faoi láthair, ar fáil do dhaltaí ar gach conair Ardteistiméireachta. Bheimis in amhras an bhféadfaí nó ar chóir a leithéid de chlár a mheasúnú, áfach. Cé go ndéantar measúnú ar OSPS mar chuid den Ardteistiméireacht Fheidhmiúil mar atá sí faoi láthair, ba dhóigh linn gur torthaí fadtéarmacha, a bheadh le haithint i meon agus in iompar daoine óga, a bheadh sna torthaí foghlama do mhodúil den chineál sin agus, i gcomparáid le hábhair eile, gur lú an seans go bhféadfaí na torthaí foghlama sin a mheas go cainníochtúil i measúnuithe foirmiúla a bheadh á ndéanamh faoi shrian ama.

## 2.2 Teagasc agus foghlaim

*Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis an bhfís don teagasc agus foghlaim a thagann ón athbhreithniú?* Tá an fhís leathan atá curtha i láthair anseo le moladh, agus tá an bhéim ar ilghnéitheacht modhanna teagaisc agus foghlama tábhachtach go háirithe i dteagasc agus i bhfoghlaim teangacha. Fáiltímid roimh an tuiscint go bhfuil fís 'don teagasc agus foghlaim ar cheart do gach scoláire a fháil sa tsraith shinsearach' ag teacht chun cinn ón athbhreithniú go dtí seo (*ASSCC*: 13). Fáiltímid freisin roimh an dearbhú gur chóir go mbeadh an teagasc agus an fhoghlaim sin 'sách dúshlánach' agus gur chóir go gcuirfí 'ar chumas an scoláire a intinn a úsáid go maith agus a bheith oscailte d'eispéiris agus féidearthachtaí foghlama nua agus níos doimhne' (*ASSCC*: 13).

*An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?* Tá tábhacht ar leith arís i gcomhthéacs foghlaim teangacha le cuir chuige ar nós úsáid punann, foghlaim phraiticiúil trí dhéanamh/chruthú, foghlaim a chur in iúl ó bhéal agus foghlaim idirdhisciplíneach (*ASSCC*: 13). Ba chóir béim a chur ar an bhfoghlaim 'thascbhunaithe' agus 'théacsbhunaithe', go mór mór agus acmhainní digiteacha in úsáid mar áiseanna foghlama, agus scileanna litearthachta digiteacha (taifeadadh fuaime agus físe agus an foilsiú digiteach, mar shampla) á gcleachtadh ar bhealach bisiúil agus cruthaitheach sa seomra ranga (teanga) agus taobh amuigh de.

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin teagasc agus foghlaim sa tsraith shinsearach?* Tá ceist an mheasúnaithe lárnach sa phlé ar an teagasc agus ar an bhfoghlaim sa tSraith Shinsearach, agus níor mhór an dá ghné a chíoradh i dteannta a chéile. Tá ceist an leanúnachais ón tSraith Shóisearach go dtí an tSraith Shinsearach tábhachtach freisin, agus tuiscint ar impleachtaí na straitéisí foghlama a bhíonn ag daltaí sa tSraith Shinsearach do na conairí iar-Ardteistiméireachta (idir oideachasúil agus ghairmiúil) a ghlacfaidh siad, agus don fhoghlaim ar feadh an tsaoil ina dhiaidh sin. Tá an scrúdú cainte Gaeilge, mar atá san

Ardteistiméireacht faoi láthair, ag cothú na foghlama de ghlanmheabhair, seachas forbairt fíorscileanna cumarsáide agus níor mhór modhanna níos cruthaithí agus níos éifeachtaí a úsáid chun scileanna cainte daltaí a fhorbairt agus a mheas. Ba ghá aghaidh a thabhairt freisin ar an easpa trialacha cainte mar chuid den mheasúnú deireanach don Teastas Sóisearach. Fillfimid ar an ábhar seo i mír 6 thíos.

## 3. Conairí agus cláir

*Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?* De bhrí go bhfuil an oiread sin féidearthachtaí éagsúla á bplé sa rannóg seo, tá sé deacair aontú nó easaontú leis na moltaí atá á ndéanamh. Braithfidh aon chinneadh a dhéanfar maidir le nascadh idir na cláir mar atá siad faoi láthair ar acmhainní agus ar shocruithe praiticiúla i scoileanna. Beidh siad sin faoi réir ag méid agus ag ionad na scoile, agus tiocfaidh próifíl inscne agus ceisteanna socheacnamaíocha isteach sa scéal freisin. Creidimid gurb é an bealach is éifeachtaí chun na bunphrionsabail, an comhionannais rochtana agus deiseanna ar lámh amháin agus rogha na ndaltaí ar an lámh eile, a chinntiú ná an múnla atá ann faoi láthair a choinneáil, is é sin: trí chroí-ábhar agus trí/ceithre ábhar roghnacha. Leis an struchtúr seo, d'fhéadfaí rogha na n-ábhar inscrúdaithe a mhéadú trí roghanna a chur ar fáil thar na conairí éagsúla Ardteistiméireachta. D'fhéadfaí comhroinnt acmhainní múinteoireachta idir cnuasaigh scoileanna a fhiosrú (acmhainní foirne agus acmhainní teagaisc, foghlama agus measúnaithe), chun go mbeadh raon níos leithne ábhar roghnach ar fáil i scoileanna beaga agus i scoileanna áirithe aonghnéis.

*An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?* Níor mhór aghaidh a thabhairt ar an éagothromaíocht deiseanna atá ann faoi láthair de bharr nach bhfuil an Idirbhliain ar fáil mar rogha tar éis an Teastais Shóisearaigh i ngach uile scoil. Níor mhór na buntáistí a bhainfeadh le cúrsa trí bliana a dhéanamh den tSraith Shinsearach (agus na míbhuntáistí a d'fhéadfadh a bheith i gceist freisin) a iniúchadh go cúramach. Pléitear an cheist seo ar bhealach níos mine i rannóg 6 thíos.

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi chonairí agus cláir sa tsraith shinsearach?* Is gá fiúntas cineálacha éagsúla foghlama a aithint, an stiogma a bhaint de chonairí oideachais ghairmiúil, agus a chinntiú go bhfuil deis ag na foghlaimeoirí uile a scileanna litearthachta (scileanna teangeolaíocha, cultúrtha agus digiteacha) agus a scileanna uimhearthachta a fhorbairt ag leibhéal atá oiriúnach dá gcumas. Níor mhór mionscrúdú tuisceanach a dhéanamh ar inspreagadh agus ar dhíspreagadh daltaí, sa chaoi gur féidir tacaíochtaí a chur ar fáil do mhúinteoirí chun cuidiú leo ábhair a bhfuil dúshlán intleachtúil ag baint leo a chur in oiriúint do dhaltaí díspreagtha. Is gá aghaidh a thabhairt ar cheist an teastasaithe i gcás daltaí a bheartaíonn gan na scrúduithe stáit a shuí in ábhair áirithe. Tá gá lena thuilleadh taighde sa réimse seo mar ba chóir go mbeadh an polasaí ag díriú ar na bunchúiseanna taobh thiar den easpa rannpháirtíochta, seachas ar thorthaí na heaspa céanna.

## 4. Comhpháirteanna den churaclam

Tá dlúthghaol idir ceist na gcomhpháirteanna curaclaim agus gach uile ghné den phróiseas athbhreithnithe seo. Agus muid i ngleic leis na ceisteanna ar leith a cuireadh, dearbhaímid arís ár dtacaíocht do struchtúr curaclaim a chinnteoidh oideachas leathan liobrálach a mbeidh na gnéithe seo a leanas ag roinnt leis:

- comhionannas rochtana agus deiseanna trí chroí-ábhair a chur ar fáil ag leibhéil atá oiriúnach do speictream cumais na ndaltaí;
- rogha a thabhairt do dhaltaí trí raon ábhar roghnach a thairiscint;
- ilghnéitheacht taithí foghlama a chinntiú; agus
- an leithne ábhar a chuirfeadh raon roghanna iar-Ardteistiméireachta ar fáil do dhaltaí a chinntiú.

Tacaímid go láidir leis an múnla a chinnteoidh go mbeidh rochtain ag na daltaí uile ar chroíchuraclam substaintiúil [Béarla, Gaeilge, Matamaitic] agus ar raon substaintiúil ábhar roghnach óna mbeidh siad in ann trí nó ceithre ábhar a phiocadh.

*Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?* Léiríonn an cháipéisíocht a cuireadh ar fáil don athbhreithniú seo go bhfuil comhthuiscint ghinearálta ann gur rud fiúntach é an taithí leathan foghlama (Banks *et al*. 2018). Níor mhór mionchíoradh a dhéanamh ar cheist rogha na n-ábhar, áfach, i gcóras ina mbeidh rogha na ndaltaí faoi shrian i gcónaí ag an soláthar acmhainní ag leibhéal na scoile. Fiú i scoileanna móra cathrach, áit arbh fhusa prionsabal na rogha a chur i bhfeidhm, is annamh a bhíonn rogha oscailte ag daltaí, mar is gá ábhair a chur i ngrúpaí ar mhaithe leis an gclár ama. Tá inmharthanacht ábhar áirithe atá dlúthcheangailte leis an bhféiniúlacht agus leis an tsaoránacht Éireannach ag brath ar a stádas mar chroí-ábhair. Mar a phléitear ar bhealach níos mine thíos, nuair a rinneadh ábhair roghnacha de na teangacha i Sraith Shinsearach na Breataine, ba é an toradh a bhí air sin ná cúlú céimnitheach ó theagasc teangacha in an-chuid scoileanna, agus rogha na dteangacha a bheith á mbaint go háirithe i scoileanna ina raibh go leor daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste.

Ba chóir idirdhealú glan a dhéanamh idir ábhair a bhfuil staidéar á dhéanamh orthu chun críche scrúduithe (croí-ábhair + ábhair roghnacha) agus ábhair nó modúil riachtanacha eile nach scrúdófaí ach a dhíreodh ar scileanna saoil (ar nós bainistiú airgid, oideachas pearsanta agus sláinte) nó cúrsaí folláine (ar nós réimeanna fisiciúla daltaí nó ceisteanna a bhaineann le gníomhaíocht ar líne). Níor mhór mianach disciplíneach ábhair a aithint agus molaimid gan ábhair nua a chruthú nach bhfuil saincháilíochtaí múinteoireachta ann dóibh go fóill. Ba chur chuige stuama é cláir chomhtháite Scileanna Saoil agus Folláine agus Sláinte a fhorbairt, cláir a bheadh solúbtha go leor le go bhféadfadh múinteoirí ábhair ionchur a bheith acu iontu, de réir mar ba chuí.

*Cé na réitigh a shamhlaíonn tú chun aghaidh a thabhairt ar na fadhbanna a bhaineann leis an ró-ualach curaclaim?* Níor mhór aghaidh a thabhairt ar an gceist seo ag leibhéal dhearadh an tsiollabais, le cinntiú go mbeidh dóthain doimhneachta agus leithne i ngach ábhar agus go mbeidh ualach oibre iomlán an dalta réadúil agus inláimhsithe. D'fhéadfaí tarraingt ar

choincheap na gcreidiúintí cúrsa chun treoirlínte soiléire traschuraclaim a fhorbairt maidir le hinneachar ábhar léinn agus ualach oibre an dalta. Is é an bealach is fearr chun comhionannas deiseanna foghlama a chinntiú ná trí struchtúr an chroíchuraclaim, le croí-ábhair a mbeadh torthaí foghlama agus modhanna measúnaithe cruinnbheachtaithe dóibh. Ag an am céanna, chinnteodh cláir staidéir ag leibhéil éagsúla go mbeadh rogha ag an dalta *taobh istigh* den ábhar chomh maith le rogha *idir* ábhair.

Ar cheann de na ceisteanna is dúshlánaí atá le plé san athbhreithniú seo tá an cheist faoi fhad an chúrsa Ardteistiméireachta agus ar chóir clár trí bliana a dhéanamh den tSraith Shinsearach. Gaolmhar leis tá ceist na hIdirbhliana agus ar chóir an Idirbhliain, mar atá faoi láthair, a thairiscint do gach uile dhalta, nó ar chóir gnéithe den obair Idirbhliana a shnaidhmeadh le clár trí bliana Ardteistiméireachta. Dá ndeanfaí clár trí bliana den tSraith Shinsearach, is cinnte go laghdófaí an brú a bhaineann le ró-ualach curaclaim, agus bheadh níos mó ama ag daltaí chun dul i ngleic ar bhealach níos mine leis na cláir Scileanna Saoil agus Folláine agus Sláinte nach mbeadh á scrúdú. D’fhéadfadh deiseanna foghlama ó thaithí, socrúcháin oibre, cuairteanna Gaeltachta nó blasmhodúil ghearra ar raon topaicí (mar a chuirtear ar fáil faoi láthair do dhaltaí Idirbhliana iad) cur go mór leis an eispéireas foghlama i gcoitinne agus leis na scileanna a bheadh forbartha ag daltaí óna gcroí-ábhair agus óna n-ábhair roghnacha. Ós rud é nach bhfuil an Idirbhliain ar fáil do gach uile dhalta faoi láthair, ba chothroime an soláthar dá mba chlár trí bliana a bhí sa tSraith Shinsearach, agus dá ndéanfaí gnéithe den taithí Idirbhliana a chomhtháthú léi. Le go mbeadh rath ar a leithéid de shíneadh, áfach, bheadh gá le riar maith acmhainní breise. Chomh maith leis sin, níor ghá gur chun leasa gach dalta a bheadh sé dá ndéanfaí an tréimhse a shíneadh, agus d’fhéadfadh sé go dtiocfadh méadú ar na leibhéil díspreagtha agus easpa rannpháirtíochta. Dá bhrí sin, molaimid go bhféachfaí ar dhearadh na siollabas mar phríomh-mhodh chun dul i ngleic le fadhbanna a bhaineann le ró-ualach curaclaim.

*Cé na comhpháirteanna den churaclam a chreideann tú ba cheart a bheith éigeantach sa tsraith shinsearach?* Sa phlé ar chlár na Sraithe Sinsearaí, molaimid go mbainfear leas as an téarma dearfach ‘croí-ábhar’, gona bhéim ar chomhionannas rochtana agus soláthair do chách, agus go seachnófar an plé diúltach ar ‘ábhair éigeantacha’.

Béarla (a chuimseodh an chumarsáid ó bhéal, scileanna litearthachta (scileanna cló agus digiteachta), meas agus anailís na litríochta agus an chultúir, litríocht Bhéarla na hÉireann san áireamh; an Béarla mar a labhraítear in Éirinn agus in áiteanna eile í); Gaeilge (a chuimseodh an chluastuiscint agus an chumarsáid ó bhéal, scileanna litearthachta (scileanna cló agus digiteacha), meas agus anailís na litríochta agus an chultúir, an tírdhreach teanga: peirspictíochtaí sochtheangeolaíochta agus éicitheangeolaíochta ar an nGaeilge agus ar theangacha eile); an Mhatamaitic (mar a shaineodh saineolaithe sa ghort sin léinn í).

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi chomhpháirteanna den churaclam sa tsraith shinsearach?* Anailís i bhfad níos réalaí ar choincheap na rogha, tuiscint níos fearr ar bhuntáistí an chroíchuraclaim agus tiomantas d’fhiosrú agus do chur i bhfeidhm múnlaí dea-chleachtais maidir le teagasc agus le foghlaim i ngach uile réimse curaclaim. Maidir leis an staidéar ar an nGaeilge sa tSraith Shinsearach, tá sé ríthábhachtach go bhféachfaidh an

CNCM go grinn ar oideachas teangacha i gcomhthéacs leathan Eorpach agus go bhfoghlaimeofar ó na torthaí fíordhiúltacha a lean athruithe curaclaim i réimse na dteangacha sa Ríocht Aontaithe. Pléitear na ceisteanna seo ar bhealach níos mine i rannóg 5 den aighneacht seo. Maidir leis an múnla atá bunaithe ar chroí-ábhair agus ábhair roghnacha, tá ceachtanna tábhachtacha le foghlaim freisin ó thaithí na RA.

Cuireann leagan amach na hArdteistiméireachta mar atá sé faoi láthair taithí leathan oideachasúil ar fáil agus ag an am céanna ceadaíonn sé leibhéal cuí roghanna. Tá an fócas i bhfad níos cúinge i gcuraclam na Sraithe Sinsearaí sa RA (aois 16-18), áit nach mbíonn ach trí ábhar acadúla ag formhór na ndaltaí agus gan aon chroí-ábhar riachtanach i gceist (UK Government 2018). Fágann sé seo go bhfuil srian á chur le roghanna gairme agus ollscoile daltaí, agus go mb'fhéidir nach mbíonn siad ullmhaithe chomh maith agus a d'fhéadfaidís a bheith do dhúshláin na fostaíochta nó an ardoideachais. I gcomparáid leis sin, tá curaclam na hArdteistiméireachta, agus aon churaclam ina bhfuil croí-eilimint shubstaintiúil taobh le líon substaintiúil ábhar roghnach, in ann taithí oideachasúil níos cothroime a chur ar fáil a bhfuil na buntáistí seo a leanas ag baint léi:

- Is féidir le daltaí an réimse leathan scileanna atá pléite sa cháipéis comhairliúcháin a fhorbairt (*ASSCC*: 11-12);
- Níl roghanna iar-Ardteistiméireachta daltaí á gcúngú róluath ag cinntí a dhéanfaidh said ag aois a 16, cinntí a bhféadfadh éifeacht mhór a bheith acu ar a gconairí gairme nó breisoideachais;
- Níl daltaí á gcur róluath i dtreo sruthanna nach mbeidh ag teacht, b'fhéidir, leis na hábhair spéise ná na hinniúlachtaí pearsanta ba mhaith leo a fhorbairt mar dhaoine fásta;
- Cinntítear go bhfuil níos mó den leanúnachas sin ann a aithníodh mar mhian láidir le linn phróiseas an athbhreithnithe: 'Tháinig fonn láidir chun cinn le haghaidh *leanúnachas* feabhsaithe ón scoil go cinn scríbe iarscoile...' (*ASSCC*: 10).

# 5. An scéal níos leithne: an comhthéacs Eorpach agus domhanda a bhaineann le teangacha i gcuraclam na hÉireann

## 5.1 Meath na dteangacha mar ábhair scoile sa Ríocht Aontaithe agus i dTuaisceart Éireann

Is fianaise shoiléir í an meath atá tagtha ar theagasc teangacha i scoileanna na RA ón mbliain 2003, nuair a chuir curaclam leasaithe deireadh le staidéar ar theangacha mar ghné riachtanach curaclaim tar éis aois 14 (Keystage 3 i gcóras na Breataine), ar an mbaol mór a bhaineann le stádas croí-ábhar curaclaim a bhaint de theangacha. Taobh istigh de 10 mbliana tar éis an curaclam a athrú, tháinig laghdú de **44%** ar líon na ndaltaí a bhí ag déanamh staidéir ar theangacha tar éis aois a 14. Tuairiscíonn an tuarascáil *The British Council Language Trends 2018* go bhfuil 'ongoing concern about the level of participation in language learning since the subject was removed from the compulsory curriculum...' (Tinsley

and Doležal 2018: 2). Bhí an meath níos suntasaí i scoileanna stáit, agus i scoileanna a raibh ráta ard daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste:

> The principal finding this year concerns inequity in access to language learning at school. Schools in more disadvantaged circumstances tend to dedicate a shorter time to languages in Key Stage 3, allow pupils to drop languages after only two years and have lower participation in GCSE (Tinsley and Doležal 2018: 3).

Chomh maith leis sin, 'both state and independent schools report an increasing concentration of high and middle-attaining pupils in GCSE languages, to the exclusion of those of lower ability or with special educational needs' (Tinsley and Doležal 2018: 3). Ba chóir gur fholáireamh do lucht polasaí oideachais in Éirinn, ar cás leo ceisteanna comhionannais agus ceart sóisialta i gcóras oideachais an stáit, an claonadh seo deiseanna foirmiúla foghlama teanga a bheith á gceangal le pribhléid shocheacnamaíoch agus oideachas teangacha a bheith á shamhlú le daltaí ardchumais amháin. Is é an tátal atá le baint as na tuarascálacha taighde ar fad faoi threochtaí i bhfoghlaim teangacha sa Bhreatain agus i dTuaisceart Éireann gurb é an t-aon bhealach le comhionannas soláthair a chinntiú ná stádas croí-ábhar curaclaim a bheith ag teangacha (Dobson 2018; Jones 2018; Tinsley and Doležal 2018; British Council Northern Ireland 2019). Luaigh tuarascáil de chuid an British Academy 2013 an 'vicious cycle of monolingualism', arbh é an toradh a bhí air ná teip ar éileamh agus ar sholáthar teangeolaithe oilte i ngach uile earnáil de gheilleagar na RA (Jocelyn Wyburd 2013). In ainneoin ábhair imní a bheith á léiriú ag comhfhreagróirí oideachais (féach, mar shampla: Osborne 2017; Jeffreys 2019), níl fianaise ar bith ann go ndéanfar na cinntí polasaí a rinneadh sa RA a athbhreithniú ná go ndéanfar a mhalairt de threo a mholadh.

Tá an mórlaghdú i bhfoghlaim teangacha go ginearálta sa RA tar éis éifeacht dhrámatúil a bheith aige ar líon na ndaltaí a dhéanann staidéar ar an nGaeilge go dtí leibhéal GCSE (an scrúdú a dhéanann daltaí ag aois a 16) i dTuaisceart Éireann. Tá an Dr Niall Comer tar éis an meath seo a rianadh trí na huimhreacha a bhaineann le Gaeilge ag leibhéal an GCSE a chíoradh, áit a raibh titim ó **2820 in 2003** go dtí **1737 in 2013**, meath de os cionn **38% i** dtréimhse 10 mbliana (Comer 2013). Leanann an meath seo sa chúrsa A-leibhéil, le titim de **12%** i líon na ndaltaí a dhéanann scrúduithe A-leibhéil sa Ghaeilge idir 2018 agus 2019 amháin (Ní Thuathaláin 2019). Tá impleachtaí tromchúiseacha ag an meath seo don ábhar ar an tríú leibhéal i dTuaisceart Éireann, agus do sholáthar fadtéarmach múinteoirí Gaeilge agus gairmithe eile teanga. Níor mhór don Athbhreithniú ar an tSraith Shinsearach a chinntiú go seachnófar a leithéid de dhrochthionchar ag leibhéal an chórais sa dlínse seo.

## 5.2 Aonteangachas tar éis an Bhreatimeachta nó ilteangachas Eorpach?

Bhí an meath ar theagasc teangacha faoi lán seoil sa RA sula raibh reifreann an Bhreatimeachta 2016 ann, ach tá an chuma ar an scéal go gcuirfidh an Breatimeacht leis an treocht sin, de réir mar a laghdófar go mór comhtháthú eacnamaíoch agus polaitiúil na RA leis an Eoraip. Dhéanfaí díobháil eacnamaíoch, shóisialta agus chultúrtha d'Éirinn dá dtarlódh an 'vicious cycle of monolingualism' céanna abhus, go háirithe tar éis an

Bhreatimeachta. Tá an sochtheangeolaí agus an saineolaí ar chúrsaí polasaí agus pleanála, an Dr John Walsh ó Ollscoil na hÉireann, Gaillimh, tar éis aird a tharraingt ar an treocht dhiúltach seo in alt leis a foilsíodh le déanaí san *Irish Times* ina dtugann sé rabhadh faoi chlaonadh na hÉireann géilleadh d'éifeacht dhíobhálach an aonteangachais mar atá sé á chleachtadh i dtíortha ina bhfuil ceannas ag an mBéarla, an RA go háirithe.

Léiríonn suirbhéanna Eurobarometer ar chumas teanga go bhfuil Éire gar don bhun i dtéarmaí inniúlachta ilteangaí. Sa bhliain 2012, ní raibh **60%** díobh siúd a ndearnadh suirbhé orthu in ann aon teanga seachas a 'máthairtheanga' a labhairt, i gcomparáid le **20%** i dtíortha ar nós na hÍsiltíre agus na Sualainne. Luann Walsh go bhfuil Éire ag bun an tábla i gcás freagróirí a aontaíonn 'go hiomlán' leis an tuairim gur chóir go mbeadh gach aon duine san Aontas Eorpach in ann dhá theanga ar a laghad a labhairt. Díríonn Walsh aird ansin ar dhrochtheist na hÉireann maidir leis an ilteangachas, mar a phléitear i gcáipéisí éagsúla polasaí í, ar nós *Languages Connect: Ireland's Strategy for Foreign Languages in Education*, ach is é an argóint atá aige ná gur chóir dul i ngleic le contúirtí an aonteangachais tar éis an Bhreatimeachta trí theagasc agus foghlaim na Gaeilge a nascadh le riachtanais an ilteangachais agus leis an bhfeasacht agus na hinniúlachtaí idirchultúrtha a bhaineann leis. Go hachomair, déanann sé an moladh seo: 'teaching and learning Irish should be viewed as a springboard for building multilingualism' (2019). Is dearcadh é seo a n-aontaímidne d'aonghuth leis. Anois nuair atá a gaol polaitiúil, cultúrtha agus socheacnamaíoch á athdhearbhú ag Éirinn leis an Eoraip (fad is atá an tAontas Eorpach á fhágáil ag an RA), tá sé in am an polasaí oideachais teangacha in Éirinn a bhogadh níos gaire do na noirm Eorpacha. Ba chéim sa treo sin a bhí sa phróifíl polasaí a d'fhoilsigh an Roinn Oideachais agus Eolaíochta i gcomhar le Comhairle na hEorpa, *Language Education Policy Profile: Ireland* (2007), cáipéis thábhachtach ar chóir filleadh uirthi i gcomhthéacs an athbhreithnithe seo ar an tSraith Shinsearach.

Tá polasaí oideachais an AE bunaithe ar an múnla Máthairtheanga + 2, agus tá formhór na stát san AE tar éis curaclaim náisiúnta a fhorbairt ina n-aithnítear fiúntas an dara agus an tríú teanga. Is léir gur sa treo seo ba chóir d'Éirinn dul freisin, ag cur san áireamh go bhfuil tiomantas Chomhairle an Aontais Eorpaigh um Chomhar Cultúrtha d'oideachas teangacha sna ballstáit bunaithe, ar an gcéad dul síos, ar thábhacht na tuisceana agus na cumarsáide idirchultúrtha:

> To ensure, as far as possible, that all sections of their populations have access to effective means of acquiring a knowledge of the languages of other member states (or of other communities within their own country) as well as the skills in the use of those languages that will enable them to satisfy their communicative needs and in particular:
>
> 1.1 to deal with the business of everyday life in another country, and to help foreigners staying in their own country to do so;
>
> 1.2 to exchange information and ideas with young people and adults who speak a different language and to communicate their thoughts and feelings to them;
>
> 1.3 to achieve a wider and deeper understanding of the way of life and forms of thought of other peoples and of their cultural heritage (Council of Europe 2001: 3)

Is léir go bhfuil aidhmeanna den chineál seo tábhachtach sa chomhthéacs Éireannach, áit ar féidir an Ghaeilge a áireamh mar theanga bheo pobail, mar ghné ríthábhachtach de chuid na litearthachta cultúrtha, agus mar chuid de thiomantas níos leithne don chomhthuiscint idirnáisiúnta agus don chumarsáid idirchultúrtha. Tá tacaíocht shuaithinseach bhunreachtúil agus reachtach curtha ar fáil don Ghaeilge in Éirinn, sa chaoi go n-aithnítear mar chéad-teanga oifigiúil na Poblachta í, in ainneoin a stádais mhionlaithe. Tá freagracht, dá bhrí sin, ar an stát a bheith ina réalt eolais do theangacha mionlaigh agus réigiúnacha eile ó thaobh polasaí oideachais de taobh istigh den AE. Go deimhin, de bharr stádas na Gaeilge mar theanga oifigiúil de chuid an AE, chomh maith leis an luach ard atá aici go hidirnáisiúnta i gcomhthéacsanna diaspóracha agus taidhleoireachta agus i gcomhthéacs an Léinn Éireannaigh agus an Léinn Cheiltigh, tá ról sainiúil ceannaireachta le comhlíonadh ag an stát Éireannach i bpolasaí oideachais teanga ar ardán na hEorpa agus an domhain. Ar leibhéal praiticiúil, fostaíonn institiúidí an AE teangeolaithe oilte, agus ní féidir freastal ar an éileamh leanúnach san Eoraip ar chéimithe le hardscileanna Gaeilge mura leanann córas oideachais na hÉireann de bheith ag cur luach ar an ábhar sa tSraith Shinsearach.

Déanann Comhairle na hEorpa idirdhealú idir coincheap an deisteangachais (a thagraíonn don raon inniúlachtaí teanga is féidir le daoine a shealbhú agus a úsáid i dteangacha éagsúla ar feadh a saoil) agus ilteangachas sochaíoch (a thagraíonn don fheiniméan sóisialta a bhaineann le teangacha éagsúla a bheith in úsáid ag grúpaí éagsúla in aon sochaí ar leith). Cé gur minic a úsáidtear mar théarmaí malartacha iad, tá coincheap an deisteangachais an-úsáideach i gcomhthéacs forbairtí curaclaim, mar aithníonn sé an raon scileanna inar féidir leis an bhfoghlaimeoir aonair leibhéil éagsúla inniúlachta a bhaint amach. De bharr go sonraíonn sé ilghnéitheacht na dtorthaí foghlama, molaimid go mbainfí úsáid as an gcoincheap san athbhreithniú curaclaim seo.

### 5.3 Dúshláin mhothachtálacha agus buntáistí cognaíocha: foghlaim teangacha agus dátheangachas/deisteangachas

De bhrí go dtagann folláine daltaí chun cinn mar théama lárnach in athbhreithniú na Sraithe Sinsearaí, níor mhór aghaidh a thabhairt ar an ngaol idir an fhorbairt chognaíoch agus ceisteanna folláine i saolré an duine. Tá aitheantas forleathan ag na buntáistí cognaíocha a bhaineann le foghlaim teangacha agus leis an dátheangachas/deisteangachas (Gallagher-Brett 2004) agus bíonn na buntáistí sin á n-athdhearbhú go rialta ag an CNCM agus ag an Roinn Oideachais agus Scileanna. Tá baol ann, áfach, go bhfuil beartais áirithe a bhaineann le díolúintí ó staidéar ar an nGaeilge tar éis díobháil a dhéanamh d’oideachas teanga inár scoileanna, go háirithe nuair a tharraingítear ar dhioscúrsaí a bhaineann le strus agus imní daltaí agus folláine daltaí mar thaca do réitigh shimplíocha ar fhadhbanna casta. Níor mhór ceisteanna a bhaineann le strus agus imní foghlaimeora a phlé i gcomhthéacs oideachasúil níos leithne, agus níor mhór taighde tábhachtach ar an ábhar a chur san áireamh. Tá strus agus imní i measc foghlaimeoirí teanga aitheanta le fada ag taighdeoirí oideachais, agus luaitear strus agus imní freisin maidir le foghlaim na matamaitice. Cuirtear béim sa taighde, áfach, ar fhorbairt oideolaíochtaí éifeachtacha chun inspreagadh agus gnóthachtáil daltaí a fheabhsú trí dhul i ngleic go díreach leis na ceisteanna mothachtálacha seo (Schultz agus

Fisher 1988; Wright *et al*. 2006; Sparks agus Ganschow 2007; Devine *et al*. 2018; Dewey *et al*. 2018). Ní mholtar riamh, mar straitéis fhónta oideachasúil, foinse an strusa a bhaint den churaclam. Go deimhin, tá taighde idirnáisiúnta an néareolaí cháiliúil Thomas H. Bak tar éis a chruthú go gcuidíonn na dúshláin a bhaineann le foghlaim teangacha le teacht aniar agus le solúbthacht chognaíoch a fhorbairt. Le coincheap na Réime Folláine Teanga (*Healthy Linguistic Diet*), a d'fhorbair Bak i gcomhar le Dina Medmedbegovic (2017a; 2017b), nasctar na próisis néareolaíocha atá i gceist i bhfoghlaim teangacha, agus an deisteangachas a leanann, le forbairt scileanna cognaíocha a mbíonn éifeacht acu ar shláinte agus ar fholláine chognaíoch ar feadh shaolré an duine. Mar a deir Bak:

> Our Healthy Linguistic Diet (HLD) approach is based on an analogy between physical and mental health. Regular physical activity and a healthy diet are important factors in maintaining physical health. In the same way, the learning of languages and their regular use provide essential mental exercise, leading to a better brain health and an increase in 'cognitive reserve' resulting in a later onset of dementia and an improved cognitive outcome after a stroke (Bak 2019).

Chomh maith leis sin, mar chuid dá phlé ar impleachtaí polasaí na dtorthaí taighde, molann Bak an méid seo:

> Providing a framework which supports lifelong development of bilingual competencies: All children (monolingual and bilingual/plurilingual) and adults (monolingual and bilingual/plurilingual) in schools and other educational contexts should be encouraged to develop behaviour and habits supporting lifelong development of bilingual/plurilingual competencies. These practices need to become an integral part of efforts to bring up children in the spirit of the Healthy School Initiative leading to a healthy life style (Bak 2019).

Ba chóir do lucht déanta polasaí taighde ceannródaíoch den chineál seo a chur san áireamh agus ceangail shimplíocha idir roghanna curaclaim agus sláinte agus folláine daltaí a dhiancheistiú.

## 5.4 An Ghaeilge mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach

Agus na pointí thuasluaite ar fad á gcur san áireamh, is ceist ríthábhachtach san athbhreithniú seo stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach. Ní hamháin go bhfuil buntáistí ag baint le foghlaim na Gaeilge do dhaltaí, a bhfuil ceart acu mar shaoránaigh ar raon iomlán na ndeiseanna oideachais atá ar chumas an chórais a chur ar fáil, ach beidh stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar ina léiriú tábhachtach ar fhís chultúrtha na tíre agus Éire á hullmhú féin do na coir is déanaí ina saol polaitiúil agus socheacnamaíoch. Go hachomair, tá na nithe seo a leanas ar fad le cur san áireamh:

i) De bharr a stádais bhunreachtúil, is croí-ghné saoránachta í an Ghaeilge ar chóir go mbeadh teacht ag páistí agus aos óg na tíre uile uirthi. Ba chóir go mbeadh deiseanna ag daltaí uile na tíre inniúlachtaí sa teanga a fhorbairt chomh maith le tuiscint ar a ról i gcultúr agus i bhféiniúlacht na hÉireann. Is é an stádas mar chroí-ábhar sa chóras foirmiúil oideachais an modh is éifeachtaí leis na cuspóirí seo a bhaint amach. Ba chóir go míneofaí níos soiléire na buntáistí cognaíocha, cultúrtha, sóisialta agus eacnamaíocha a bhaineann leis an

dátheangachas/deisteangachas pearsanta agus leis an ilteangachas sochaíoch, agus go mbeadh tuiscint ar na buntáistí sin mar chuid de chuspóirí foghlama an chúrsa Gaeilge sa tSraith Shinsearach. Molaimid go mbainfear úsáid as coincheap na Réime Folláine Teanga agus go gcuirfear na buntáistí a bhaineann le foghlaim teangacha i gcaitheamh shaolré an duine ar a súile do dhaltaí trí mhodúil OSPS.

ii) I bhfianaise phatrún an tsoláthair sa RA, inar lú an seans anois go mbeidh daltaí i scoileanna stáit agus i scoileanna le céatadán ard daltaí ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste in ann teangacha a roghnú tar éis aois a 14, aithnítear cé chomh mór agus is féidir le soláthar roghnach teangacha a bheith faoi thionchar aicme sóisialta. Dá dtarlódh a leithéid i gcás na Gaeilge, chuirfí go mór leis an éagothromaíocht deiseanna oideachais agus gairme, agus chuirfí bac ar fhorbairt na litearthachta cultúrtha i measc gach aicme sa phobal. Is é stádas na Gaeilge mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach an cur chuige is fearr le comhionannas rochtana ar oideachas teanga a dheimhniú do chách mar cinntíonn sé go bhfuil na scileanna inaistrithe foghlama teanga leabaithe i gcuraclam comhroinnte. Léiríonn an meath ar an nGaeilge mar ábhar GCSE i dTuaisceart Éireann an dochar a dhéantar do gach uile theanga nuair a bhaintear an riachtanas teanga ar bith a fhoghlaim. Mura mbeadh an Ghaeilge ina croí-ábhar, léireodh taithí na RA go dtiocfadh meath freisin ar roghnú teangacha i gcoitinne, thosófaí ag éirí as teangacha a mhúineadh i scoileanna stáit, dhúnfaí ranna teanga in ollscoileanna agus ba ghearr go dtiocfadh laghdú ar sholáthar múinteoirí teanga agus speisialtóirí ar nós aistritheoirí, teangairí, scríbhneoirí, eagarthóirí cló agus digiteacha, iriseoirí agus craoltóirí. Dhéanfadh laghdú ar bith ar an inniúlacht dhátheangach/dheisteangach díobháil do chur i bhfeidhm polasaithe náisiúnta teanga agus bheadh impleachtaí móra aige go háirithe i réimsí an oideachais, an riaracháin phoiblí, an chultúir, na hoidhreachta, na ndaonnachtaí digiteacha agus na meán cumarsáide.

iii) Níor mhór ceann a thabhairt freisin do thoisí Eorpacha agus domhanda na Gaeilge, dá stádas mar theanga oibre iomlán de chuid an Aontais Eorpaigh, dá ról ríthábhachtach sa Léann Éireannach agus sa Léann Ceilteach go hidirnáisiúnta, agus dá hionad sainiúil i mósáic theangeolaíoch an domhain. Níor mhór daltaí a chur ar an eolas faoin gcomhthéacs níos leithne seo, agus iad a spreagadh leis an teanga a fhoghlaim ar a son féin agus mar acmhainn atá le roinnt le pobail eile, inimircigh go hÉirinn ina measc. Áitímid ar an CNCM an deis a chuireann an t-athbhreithniú seo ar fáil a thapú chun polasaí náisiúnta oideachais teanga a fhorbairt bunaithe ar mhúnlaí idirnáisiúnta dea-chleachtais (féach Harris agus Ó Duibhir 2011) agus a bheadh freagrúil do thaithí shainiúil na hÉireann ar an dátheangachas agus ar an ilteangachas.

## 6. Measúnú

*Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?* Aontaímid go láidir gur chóir athbhreithniú cúramach a dhéanamh ar mhodhanna measúnaithe, agus is fiú aird a dhíriú ar na gnéithe ar fad atá luaite. I gcás oideachais teanga, bheadh fillteán foghlama a chuirfí le chéile i gcaitheamh na Sraithe Sinsearaí inmholta mar ghné measúnaithe

leanúnaigh, a bheadh áirithe in éineacht le torthaí na scrúduithe ceann cúrsa. D'fhéadfadh na míreanna seo a leanas a bheith i gceist ina leithéid d'fhillteán: comhaid fuaime agus físe, samplaí d'obair scríofa an dalta, léiriú ar litearthacht dhigiteach agus ar rannpháirtíocht chruthaitheach an dalta leis an teanga agus a cuid acmhainní.

Ba léir ó fhreagra na ndaltaí a ghlac páirt sna grúpaí fócais gur mhaith leo go mbeadh níos mó béime ar scileanna cainte sa Ghaeilge. Tá scrúdú cainte na hArdteistiméireachta, mar atá sé faoi láthair, ag cothú na foghlama de ghlanmheabhair seachas scileanna nádúrtha cumarsáide, agus is gá modhanna níos cruthaithí a úsáid le scileanna cluastuisceana agus scileanna cainte daltaí a fhorbairt agus a mheas. Modh measúnaithe atá in úsáid go rathúil i gcoláistí tríú leibhéal, agus a nascanna scileanna teanga agus scileanna digiteacha, is ea go gcruthaíonn daltaí comhaid fuaime nó físe mar chuid d'fhillteán foghlama ilmheán. Ar mhaithe le leanúnachas cuspóra agus cur chuige foghlama, ba ghá athbhreithniú a dhéanamh ar bhonn práinne freisin ar an gcinneadh a rinneadh gan scileanna i labhairt na Gaeilge a bheith mar chuid den mheasúnú foirmiúil sa Teastas Sóisearach.

*An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?*

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin measúnú sa tsraith shinsearach?*
Bunaithe ar ár dtaithí ar chleachtais ar an tríú leibhéal, sílimid go bhfuil sceidealú na míreanna measúnaithe thar a bheith tábhachtach, go háirithe más é is cuspóir don mheasúnú leanúnach nó do mhíreanna measúnaithe i rith an chúrsa an brú a bhaineann leis na scrúduithe ceann cúrsa a laghdú. Ba ghá aghaidh a thabhairt ón tús, áfach, ar cheist na n-acmhainní breise a bheadh ag teastáil chun measúnú nó modhnú seachtrach a dhéanamh ar mhodhanna measúnaithe ailtéarnacha nó forlíontacha, le cinntiú go mbeadh na nósanna imeachta á gcur i bhfeidhm go cothrom, go comhsheasmhach agus go trédhearcach ón tús. Bheadh gá, chomh maith, le córais fhoirmiúla aiseolais a chuideodh le daltaí tógáil ar a gcuid láidreachtaí agus dul i ngleic le pointí laige.

## 7. Tuairisciú

*Cé chomh mór is a aontaíonn tú leis na réimsí forbartha molta thuasluaite?*

*An bhfuil béim róbheag nó rómhór ar ghnéithe áirithe?*

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoin tuairisciú sa tsraith shinsearach?*
Is é an príomh-mholadh a bheadh againn anseo ná go gceapfaí bealach éigin le gnóthachtáil, rannpháirtíocht agus dul chun cinn a thuairisciú i gcás daltaí a bheartaíonn ar gan an scrúdú Ardteistiméireachta a shuí in ábhar ar leith. I gcásanna mar sin, d'fhéadfadh tuairisc fhoirmiúil cuidiú leis an dalta ateagmháil a dhéanamh leis an ábhar níos déanaí.

## 8. Tosaíochtaí agus tacaíochtaí

*Cé na réimsí le forbairt sa tsraith shinsearach a chreideann tú ba cheart tús áite a thabhairt dóibh nuair atá sceideal forbairtí á chruthú do na blianta amach romhainn?* Ba chóir tús áite a thabhairt, dar linn, don taighde a bhaineann le hathruithe curaclaim, agus aird ar leith a dhíriú ar na torthaí fadtéarmacha córais agus sochaíocha a bheadh ag na cinntí a bhaineann le hábhair ar leith.

*Cé na tacaíochtaí is tábhachtaí a chreideann tú chun athrú agus forbairt inbhuanaithe agus bhríoch a éascú agus a chruthú sa tsraith shinsearach?* Struchtúr cinnteoireachta a bheas bunaithe ar dhea-chleachtas idirnáisiúnta, agus nach mbeidh srianta ag cuir chuige aonteangacha an domhain Anglafónaigh. Ba iad na tacaíochtaí ba thábhachtaí a d'fhéadfaí a chur ar fáil ná eolas faoi mhúnlaí dea-chleachtais i stáit dhátheangacha agus ilteangacha, agus deiseanna forbartha gairmiúla leanúnaí a chinnteoidh go mbeidh an mhuinín agus an inniúlacht ag múinteoirí feidhmiú dá réir.

*Ar mhaith leat aon cheo eile a fheiceáil sa chomhrá faoi thosaíochtaí agus tacaíochtaí?* Ní tharlaíonn athruithe curaclaim *in vacuo*; is amhlaidh a bhíonn siad dlúthcheangailte le réimsí eile polasaí. Mholfaimis go mbeadh aon chinneadh a dhéanfar i dtaca le hionad na Gaeilge sa tSraith Shinsearach ag teacht leis an tiomantas don teanga sa chóras oideachais atá curtha in iúl sa *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030*, áit a luaitear gur 'príomhfhócas den Straitéis seo seasamh na Gaeilge sa chóras oideachais a neartú' (Rialtas na hÉireann 2010: 3).

Tá cur i bhfeidhm Acht na dTeangacha Oifigiúla (2003) agus Acht na Gaeltachta (2012) ag brath ar dhaoine le cumas Gaeilge agus le tuiscint ar an teanga a bheith ar fáil sna comhlachtaí poiblí atá faoi réir ag na hAchtanna sin. Tá an cur i bhfeidhm sin ag brath freisin ar eolas agus feasacht faoin nGaeilge mar theanga bheo a bheith ag an bpobal i gcoitinne. Creidimid gur chóir go dtacódh aon leasuithe curaclaim a dhéanfaí le sprioc na Roinne Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta: 'Tacú le húsáid na Gaeilge ar fud na hÉireann agus a húsáid mar phríomhtheanga an phobail sa Ghaeltacht a neartú' (Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta 2018: 9). Ba chóir go léireoidís tuiscint freisin ar na tacaíochtaí córais a bheidh de dhíth chun an polasaí oideachais Gaeltachta (Roinn Oideachais agus Scileanna 2016) a chur i bhfeidhm. Ba dhearfach agus b'fhorásach an taca a bheadh ann don Ghaeilge dá gcuirfí breis acmhainní ar fáil do choláistí Gaeilge sa Ghaeltacht sa chaoi go bhféadfaidís scoláireachtaí a chur ar fáil do dhaltaí Ardteistiméireachta ó chúlraí faoi mhíbhuntáiste nó do dhaltaí ar inimircigh iad. Bheadh scéimeanna malartaithe daltaí agus socrúcháin Ghaeltachta le linn am téarma le moladh freisin mar thacaíochtaí breise oideachasúla.

## Conclúid

Áiríonn *Clár Éire Ildánach/ The Creative Ireland Programme, 2017-2022* (Rialtas na hÉireann 2017) '[a] thábhachtaí atá an Ghaeilge, ár n-oidhreacht chultúrtha, ár dtraidisiún béil...agus a uathúla atá ár gceantair Ghaeltachta' mar cheann dá sheacht bpríomhluach (Rialtas na hÉireann 2017: 9). Sa fhreagra a thug Acadamh Ríoga na hÉireann ar *Clár Éire Ildánach*, dearbhaítear an t-ionad sainiúil atá ag an nGaeilge agus an gá atá le cur chuige comhtháite maidir leis an teanga i bpolasaí cultúrtha an stáit:

> Ní mór an Ghaeilge agus traidisiún ríshaibhir a cuid scríbhinní agus a litríocht bhéil a chomhtháthú go samhlaíoch agus go praiticiúil ar fud *Éire Ildánach*. Teastaíonn feasacht shuntasach stairiúil, tuiscint iomlánaíoch ar an nGaeltacht chomhaimseartha lena riachtanais eacnamaíocha agus bonneagair, ionchur ón scoláireacht is déanaí, áit lárnach do na meáin nua agus tiomantas don tras-toirchiú. Cuirfidh na rudaí seo go mór leis an tsaoránacht chruthaitheach, leis an smaointeoireacht chriticiúil agus leis an gcomhthuiscint, ar mhaithe le saoránaigh, le himircigh isteach, le diaspóra na hÉireann agus leis an bpobal domhanda daoine a dteastaíonn uathu eolas a chur ar Éirinn nó teagmháil a dhéanamh léi (Bourke agus Negra 2019: 3-4).

Tá an aighneacht seo bunaithe ar an tuiscint go bhfuil ról ríthábhachtach le himirt ag an gcóras foirmiúil oideachais le cinntiú go mbeidh deis ag na glúnta atá le teacht, idir Éireannaigh agus neamh-Éireannaigh, teagmháil chruthaitheach bhríoch a bheith acu leis an nGaeilge. Creidimid go bhfuil ionad na Gaeilge mar chroí-ábhar sa tSraith Shinsearach riachtanach má táthar le cinntiú go mbeidh fáil chothrom ag na daltaí uile a bhfuil córas oideachais na hÉireann ag freastal orthu ar an teanga agus a cuid traidisiún agus acmhainní.

## Tagairtí:


Adams, Richard (2015) 'GCSE results: fall in numbers taking foreign languages "a cause for concern"', *The Guardian* 20 August. Ar fáil ag: https://www.theguardian.com/education/2015/aug/20/gcse-results-fall-numbers-foreign-languages

Bak, Thomas H. (2019) *Healthy Linguistic Diet*. Acmhainn ar líne: http://healthylinguisticdiet.com/)

Bak, Thomas H. agus Mehmedbegovic, Dina (2017a) 'Towards an interdisciplinary and lifetime approach to multilingualism', *European Journal of Language Policy* 9 (2). Ar fáil ag: https:/doi.org/10.3828/ejlp.2017.10.

Bak, Thomas H., agus Mehmedbegovic, Dina (2017b) 'Healthy linguistic diet: the value of linguistic diversity and language learning across the lifespan' *Languages, Society & Policy* https://doi.org/10.17863/CAM.9854 Ar fáil ag: http://www.meits.org/policy-papers/paper/healthy-linguistic-diet.

Banks, Joanne, McCoy, Selina agus Smyth, Emer (2018) *Senior Cycle Review: Analysis of discussions in schools on the purpose of senior cycle education in Ireland* (Dublin: ESRI Working Paper 607).

Bourke, Angela le Negra, Diane (2019) *An Ghaeltacht, an Ghaeilge, an Béaloideas agus Cruthaitheacht na nDaoine: Freagra Acadamh Ríoga na hÉireann ar Clár Éire Ildánach* (Baile Átha Cliath: Acadamh Ríoga na hÉireann).

British Council Northern Ireland (2019) *Language Trends Northern Ireland 2019: Findings from a survey of primary and post-primary schools* (British Council: London). Accessible at: https://nireland.britishcouncil.org/sites/default/files/language_trends_final_web_version.pdf

Comer, Niall (2013) '90 bliain ag fás? An Ghaeilge sa chóras scolaíochta ó thuaidh', *Éigse Loch Lao* 2: 43-50.

Council of Europe (2001) *Common European Framework of Reference for Languages: Learning, teaching, assessment* (Strasbourg/ Cambridge: Council of Europe/ Cambridge University Press).

Devine, A., Hill, F., Carey, E., agus Szűcs, D. (2018) 'Cognitive and emotional math problems largely dissociate: Prevalence of developmental dyscalculia and mathematics anxiety', *Journal of Educational Psychology*, 110 (3): 431-444. doi:10.1037/edu0000222

Dewey, D., Belnap, R., agus Steffen, P. (2018) 'Anxiety: Stress, Foreign Language Classroom Anxiety, and Enjoyment During Study Abroad' in Amman, Jordan, *Annual Review of Applied Linguistics*, 38: 140-161. doi:10.1017/S0267190518000107

Dobson, Alan (2018) Towards 'MFL for all' in England: a historical perspective, *The Language Learning Journal*, 46 (1): 71-85. doi: 10.1080/09571736.2017.1382058. Accessible on line at: https://doi.org/10.1080/09571736.2017.1382058

Gallagher-Brett, Angela (2014) *Seven hundred reasons for studying languages* (Southampton: LLAS/ The Higher Education Academy). Ar fáil ag: https://www.researchgate.net/publication/255613164_Seven_hundred_reasons_for_studying_languages

Government UK (2018) 'Government Statistics: A-level and other 16-18 results 2017-2018 (revised)'. Ar fáil ag: https://www.gov.uk/government/statistics/a-level-and-other-16-to-18-results-2017-to-2018-revised

Harris, John agus Ó Duibhir, Pádraig (2011). *Múineadh éifeachtach teangacha: Sintéis ar thaighde*. (Baile Átha Cliath: An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta).

Jeffreys, Branwen (2019) 'Language learning: German and French drop by half in UK schools'. BBC.com. Ar fáil ag: https://www.bbc.com/news/education-47334374

Jones, Sharon (2018) 'Languages Connect 2017-2026. Ireland's Strategy for Foreign Language in Education'. Opinion piece: Multilingualism: Empowering Individuals, Transforming Societies. Ar fáil ag: http://www.meits.org/opinion-articles/article/languages-connect-2017-2026-irelands-strategy-for-foreign-languages-in-educ

Ní Thuathaláin, Méabh (2019) 'Titim ar líon na ndaoine a rinne an Ghaeilge don A-leibhéal ó thuaidh', *Tuairisc.ie* 16 Lúnasa. Ar fáil ag: https://tuairisc.ie/titim-ar-lion-na-ndaoine-a-rinne-an-ghaeilge-don-a-leibheal-o-thuaidh/

Osborne, Ellie (2017) 'Why making languages non-compulsory at GCSE is a step backwards', *The Telegraph* 17 January. Ar fáil ag: https://www.telegraph.co.uk/education/2017/01/17/making-languages-non-compulsory-gcse-step-backwards/

Rialtas na hÉireann (2010) *Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann).

Rialtas na hÉireann (2017) *Clár Éire Ildánach/ The Creative Ireland Programme, 2017-2022* (Baile Átha Cliath: Rialtas na hÉireann).

Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta (2018) *Ráiteas Straitéise, 2018-2020* (Baile Átha Cliath: Roinn Cultúir, Oidhreachta agus Gaeltachta).

Roinn Oideachais agus Eolaíochta/ Comhairle na hEorpa (2007) *Language Education Policy Profile: Ireland* (Dublin/ Strasbourg: Roinn Oideachais agus Eolaíochta/ Comhairle na hEorpa). Ar fáil ag: https://www.education.ie/en/Publications/Education-Reports/Council-of-Europe-Language-Education-Policy-Profile.pdf.

Roinn Oideachais agus Scileanna (2016) *Polasaí don Oideachas Gaeltachta 2017-2022* (Baile Átha Cliath: Roinn Oideachais agus Scileanna).

Schultz, M. agus Fisher, A. (1988). *Interacting in the language classroom. Games for all reasons.* (Massachusetts: Addison-Wesley Publishing Company).

Sparks, R. L., agus Ganschow, L. (2007). 'Is the Foreign Language Classroom Anxiety Scale measuring anxiety or language skills?' *Foreign Language Annals*, 40 (2): 260-287. doi:10.1111/j.1944-9720.2007.tb03201.x

Tinsley, Teresa agus Doležal, Neela (2018) *Language Trends 2018: Language teaching in primary and secondary schools in England – Survey Report* (London: British Council). Ar fáil ag: https://www.britishcouncil.org/research-policy-insight/research-reports/language-trends-2018

Walsh, John (2019) 'Brexit is a chance for Ireland to end its reliance on English', *The Irish Times* 30 August. Ar fáil ag: https://www.irishtimes.com/opinion/brexit-is-a-chance-for-ireland-to-end-its-reliance-on-english-1.4001518

Wright, A., Betteridge, D., agus Buckby, M. (2006). *Games for language learning* (3rd ed.). (London: Cambridge University Press).

Wyburd, Jocelyn (2013) 'The national context: implications of policy developments on student engagement with languages in HE' (Cambridge: Cambridge University). Ar fáil ag: https://innoconference.files.wordpress.com/2013/07/manchester-conference-jocelyn.pdf

## Baill choiste:

| | | |
|---|---|---|
| An tOllamh | Fionntán | De Brún |
| An Dr | Síle | De Cléir (Leas-Chathaoirleach) |
| An Dr | Pádraig | De Paor |
| An tUasal | Cathal | Goan |
| An tUasal | Gerard | Long |
| An tOllamh | Patricia | Lysaght, MRIA |
| An tOllamh | Ciarán | Mac Murchaidh |
| An tOllamh | Máire | Ní Annracháin |
| An Dr | Rióna | Ní Fhrighil |
| An Dr | Tracey | Ní Mhaonaigh (Rúnaí) |
| An tOllamh | Máirín | Nic Eoin, MRIA (Cathaoirleach) |
| An tOllamh | Pádraig | Ó Macháin |
| An Dr | Nollaig | Ó Muraíle, MRIA |
| An Dr | Malachy | Ó Néill |
| An Dr | Michelle | O Riordan |
| An tOllamh | Alan | Titley, MRIA |
| An tOllamh | Gregory | Toner, MRIA |
| An tOllamh | Regina | Uí Chollatáin |

Seolta isteach ar 31 Deireadh Fómhair 2019 ag Máirín Nic Eoin (Mairin.niceoin@dcu.ie)